Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0366(NLE)**

**14385/23**
**ADD 1**

**LIMITE**

**AELE 33**
**EEE 29**
**N 84**
**ISL 43**
**FL 24**
**MI 874**
**MAR 128**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 598 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE (Rialachán EMSA) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 598 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 598 final

AN COIMISIÚN EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 18.10.2023
COM(2023) 598 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann le leasú ar Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

**(Rialachán EMSA)**

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

**Uimhir […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE**

PUBLIC

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Pointe 56o (Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d’Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar é mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach:

   ‘- **32013 R 0100**: Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013, (IO L 39, 9.2.2013, lch. 30).’

2. In oiriúnú (b), cuirfear isteach na focail ‘agus Airteagal 2a’ i ndiaidh na bhfocal ‘Airteagal 2’.

3. Cuirtear an méid a leanas in ionad théacs oiriúnú (c):

   ‘Leasófar Airteagal 3 mar a leanas:

   (i) I mír 3, cuirfear an méid seo a leanas isteach: ‘Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh d’Údarás Faireacháin CSTE nó don Bhuanchoiste, de réir mar is gá, i gcomhlíonadh a gcúraimí a bhaineann le heagraíochtaí aitheanta agus le hoiliúint agus cáilíochtaí do mharaithe i dtríú tíortha i gcomhréir le Comhaontú LEE.’

   (ii) I mír 4, cuirfear an méid seo a leanas isteach: ‘I gcás ina ndéantar an chuairt nó an t-iniúchadh i Stát CSTE thar ceann Údarás Faireacháin CSTE, seolfaidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil chuig Údarás Faireacháin CSTE agus chuig an Stát CSTE lena mbaineann.’

[1] IO L 39, 9.2.2013, lch. 30.

(iii) I mír 5, cuirfear an méid seo a leanas isteach: ‘Ina theannta sin gheobhaidh Údarás Faireacháin CSTE anailís na Gníomhaireachta.’

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (e):

‘Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 6:

‘4. De mhaolú ar Airteagal 12(2)(a) agus Airteagal 82(3)(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, náisiúnaigh Stáit CSTE a bhfuil a gcearta iomlána acu mar shaoránaigh, féadfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta iad a fhostú faoi chonradh.

De mhaolú ar Airteagal 12(2)(e), Airteagal 82(3)(e) agus Airteagal 85(3) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, na teangacha dá dtagraítear in Airteagal 129(1) de Chomhaontú LEE, déanfaidh an Ghníomhaireacht iad a mheas, i dtaca lena baill foirne, mar theangacha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 55(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.’

5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (f):

‘Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 7:

‘Deonóidh Stáit CSTE pribhléidí agus díolúintí don Ghníomhaireacht agus dá foireann, pribhléidí agus díolúintí is coibhéiseach leis na pribhléidí agus na díolúintí atá sa Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.’

6. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (g):

In Airteagal 10(2)(b), cuirfear na focail ‘, chuig Údarás Faireacháin CSTE,’ isteach tar éis na bhfocal ‘an gCoimisiún,’.’

7. Cuirfear an méid seo a leanas in ionad théacs oiriúnú (h):

‘Leasófar Airteagal 11 mar a leanas:

(i) Cuirfear an méid seo a leanas le mír 1:

‘Beidh aon ionadaí amháin ó Údarás Faireacháin CSTE ar an mBord Riaracháin, gan ceart vótála.’

(ii) Cuirfear an méid seo a leanas le mír 2:

‘Ceapfaidh Údarás Faireacháin CSTE comhalta ar an mBord Riaracháin agus ceapfaidh siad comhalta malartach a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gcomhalta nuair a bheidh sé as láthair.’

(iii) Cuirfear an mhír seo a leanas isteach:

‘5. Beidh Stáit CSTE iomlán rannpháirteach sa Bhord Riaracháin agus beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna acu ann agus a bhíonn ag Ballstáit an Aontais, cé is moite den cheart vótála.’

8. In oiriúnú (i), cuirtear an uimhir ‘12.’ in ionad na huimhreach ‘7.’.

9. Athuimhrítear oiriúnú (b) mar oiriúnú (c), athuimhrítear oiriúnuithe (c), (d), (e), (f), (g), (h), (i) agus (j) mar oiriúnuithe (f), (g), (h), (i), (j), (k), (l) agus (m) faoi seach.

10. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach:

‘(b) In Airteagal 1(1) ní bheidh feidhm ag na focail ‘agus chun freagairt den leibhéal sin a áirithiú freisin ar thruailliú mara a thagann as suiteálacha gáis

agus ola.' maidir le Stáit CSTE, a mhéid nach dtagann na suiteálacha ola agus gáis faoi raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.'

'(d) In Airteagail 2(3)(d) ní bheidh feidhm ag na focail 'mar aon le truailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola ' maidir le Stáit CSTE, a mhéid nach dtagann na suiteálacha ola agus gáis faoi raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.'agus in Airteagal 2(5) ní bheidh feidhm ag na focail 'chomh maith le truailliú mara a thagann as suiteálacha gáis agus ola ' maidir le Stáit CSTE, a mhéid nach dtagann na suiteálacha ola agus gáis faoi raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.'

'(e) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 2(4)(g) agus 2a(2)(e) maidir le Stáit CSTE, a mhéid nach dtagann na suiteálacha ola agus gáis faoi raon feidhme críochach Chomhaontú LEE.'

'(n) In Airteagal 10(2)(c), cuirfear na focail 'agus chuig Údarás Faireacháin CSTE' isteach tar éis na bhfocal 'an gCoimisiún'.'

'(o) Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le Lichtinstéin. Dá bhrí sin, ní ghlacfaidh Lichtinstéin páirt sa Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí ná ní dhéanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais lena hoibriú.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha[2*].

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, [...].

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

*[…]*

*Na Rúnaithe*
*ar Chomhchoiste LEE*
*[…]*

[2] * [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha**

**i gCinneadh Uimh. …/... lena n-ionchorpraítear sa Chomhaontú Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Aithníonn na páirtithe go bhfuil ionchorprú an ghnímh seo gan dochar do chur i bhfeidhm díreach Phrótacal 7 i ndáil le pribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh maidir le náisiúnaigh de chuid Stáit CSTE ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach, de bhun Airteagal 11 den Phrótacal sin.

PUBLIC